



Foras na Gaeilge

Líonraí Gaeilge treoirlínte

Deireadh Fómhair 2026

A. Cúlra

Tá na treoirí seo dírithe ar an bpobal agus ar na heagraíochtaí gur mian leo aitheantas agus stádas mar Líonra Gaeilge a bhaint amach dá gceantar.

Is éard atá i gceist leis na Líonraí Gaeilge ná ceantair a bhfuil bunmhais chriticiúil bainte amach acu maidir le tacaíocht phobail agus stáit don Ghaeilge. Tá Foras na Gaeilge freagrach as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna teanga sna Líonraí Gaeilge.

Is trí phleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú ag leibhéal an phobail gur féidir stádas oifigiúil mar Líonra Gaeilge a bhaint amach.

Is é Foras na Gaeilge a bheidh freagrach as eagraíocht a roghnú chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú i ngach ceantar atá ag iarraidh an stádas mar Líonra Gaeilge a bhaint amach. Is é an próiseas iarratais an chéad chéim agus, bunaithe ar an gcéim seo, roghnófar eagraíochtaí le cur i láthair a dhéanamh lena gcás a chur chun tosaigh. Ag eascairt ón gcéim sin, roghnóidh Foras na Gaeilge na heagraíochtaí is fearr cumas le bheith páirteach i gcéim a trí den phróiseas ar mhaithe le plean teanga a chur le chéile dá gceantar chun stádas mar Líonra Gaeilge a bhaint amach.

Sa dá dhlínse is é Foras na Gaeilge a bheidh freagrach as eagraíocht a roghnú chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna ceantair a bheidh inroghnaithe mar Líonraí Gaeilge. Beidh ar na heagraíochtaí a roghnófar plean teanga a ullmhú le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge do cheantair a bheidh inroghnaithe.

Tá sé curtha in iúl ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta go bhfuil maoiniú ar fáil do thrí Líonra Gaeilge nua sa dlínse ó dheas. Maidir leis an dlínse ó thuaidh, beidh suas le dhá Líonra Gaeilge nua le roghnú. Mar sin beidh tairiscintí á ndéanamh dóibh sin a ghnóthaíonn na marcanna is airde sa phróiseas measúnaithe atá sonraithe thíos.

Sa dlínse ó dheas, faoi Acht na Gaeltachta 2012, beidh an tAire le hordú a dhéanamh ag ainmniú pobail atá taobh amuigh de limistéir Ghaeltachta mar Líonraí Gaeilge ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail agus faofa ag an Aire i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga forordaithe ('Féadfaidh an tAire le hordú, pobal sonraithe, seachas pobal i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta nó i limistéar Gaeltachta, a ainmniú chun bheith ina Líonra Gaeilge' ach caithfidh gur pobal é '(a) a thacaíonn le húsáid na Gaeilge, agus (b) a chomhaontaigh plean Gaeilge' faoi choinníollacha áirithe).

Sa dlínse ó thuaidh is faoi Fhoras na Gaeilge a bheidh sé Líonraí Gaeilge a ainmniú.

Nuair a bheidh aitheantas mar Líonra Gaeilge ag ceantair, soláthróidh Foras na Gaeilge tacaíocht i bhfoirm deontais do na heagraíochtaí roghnaithe ar mhaithe leis na pleananna teanga a fheidhmiú thar thréimhse seacht mbliana (nó aon thréimhse eile réamhaontaithe). Beidh próisis mhonatóireachta aontaithe ag Foras na Gaeilge le gach eagraíocht roghnaithe maidir le cur i bhfeidhm plean teanga.

B. Na céimeanna a bheidh i gceist le haitheantas mar Líonra Gaeilge a bhaint amach

Céim 1: Iarratas a chomhlánú

Beidh ar eagraíochtaí ar mian leo a bheith roghnaithe mar eagraíocht le plan le haghaidh stádas mar Líonra Gaeilge a bhaint amach dá gceantar foirm iarratais a sheoladh isteach chuig Foras na Gaeilge faoin spriocdháta, an 30 Samhain 2026.

Céim 2: Cur i láthair

Bunaithe ar an iarratas thuas, beidh Foras na Gaeilge ag tabhairt cuireadh d'eagraíochtaí, a ghnóthaíonn an marc tairsigh (60%) i gcéim 1 teacht go Príomhoifig Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath le cur i láthair a dhéanamh maidir leis an bhfís atá acu aitheantas mar Líonra Gaeilge a bhaint amach dá gceantar.

Céim 3: Tairiscint

Bunaithe ar na marcanna a ghnóthaíonn iarratasóirí i gcéim 1 agus i gcéim 2, beidh tairiscintí á ndéanamh le suas le trí eagraíocht sa dlínse o dheas agus suas le dhá eagraíocht sa dlínse o thuaidh le feidhmiú mar cheanneagraíocht le plan teanga a ullmhú dá gceantar.

Céim 4: Plan teanga a ullmhú agus a aontú

Iarrfar ar na heagraíochtaí a roghnaíonn Foras an Gaeilge plan teanga a ullmhú dá gceantar. Is é an cuspóir a bheidh ag na pleananna teanga ná cur le húsáid na Gaeilge sna ceantair lena mbaineann siad chomh fada is a bhaineann sé le cúrsaí teaghlaigh, pobail, oideachais, sóisialta, gnó agus leis an earnáil phoiblí.

Cuirfidh Foras na Gaeilge tacaíocht ar fáil i bhfoirm deontais do thréimhse réamhaontaithe (suas go 12 mhí) le cur ar chumas na heagraíochta gach gné den phlean teanga a phleanáil, a fhorbairt agus a aontú le geallsealbhóirí uile an cheantair. Aontóidh Foras na Gaeilge an dréacht deiridh de na pleananna teanga leis na heagraíochtaí.

Céim 5: Ainmniú na gceantar mar Líonraí Gaeilge

Maidir leis na heagraíochtaí sa dlínse ó dheas, cuirfidh Foras na Gaeilge dréacht deiridh de gach plan faoi bhráid an Aire sa Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta ar mhaithe lena fhaomhadh. Faoi Acht na Gaeltachta 2012, beidh an tAire le hordú a dhéanamh ag ainmniú an cheantair sin mar Líonra Gaeilge.

Maidir leis na heagraíochtaí sa dlínse ó thuaidh, is é Foras na Gaeilge a bheidh freagrach as Líonraí Gaeilge a ainmniú agus na pleananna teanga a fhaomhadh.

Céim 6: Pleananna teanga a chur i bhfeidhm

Tar éis do na pleananna teanga a bheith faofa, beidh tréimhse 7 mbliana ag na

heagraíochtaí roghnaithe chun na bpleananna teanga a chur i bhfeidhm le cabhair ó Fhoras na Gaeilge.

Is tacaíocht i bhfoirm saineolais agus comhairle go príomha a bheidh ar fáil ó Fhoras na Gaeilge do na heagraíochtaí a roghnófar. Ina theannta sin, is féidir go gcuirfidh Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil do na heagraíochtaí a roghnófar, ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil.

Céim 7: Monatóireacht ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga

Is faoin Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta atá sé athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna teanga mar a bhaineann leo siúd sa dlínse ó dheas.

Déanfaidh Foras na Gaeilge maoirsiú agus bainistiú ar chlár oibre bliantúil gach Líonra Gaeilge mar aon le maoirsiú ar bhuiséid údaráithe na bpleananna teanga.

Treoir ghinearálta

- Léigh go cúramach an t-eolas seo sula dtabharfaidh tú faoin bhfoirm a chomhlánú.
- Cuir ainm agus seoladh na heagraíochta ar gach leathanach breise nach cuid den fhoirm léirithe spéise é.
- Coinnigh cóip den fhoirm chomhlánaithe.
- Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i gclóscríbhinn.
- Ní mór leagan leictreonach a chur chuig Lionrai@forasnagaeilge.ie faoi 5 pm ar an 30 Samhain 2026. Dícháileofar aon iarratas a fhaightear tar éis an spriocdháta seo.
- Ná fág aon cheist gan fhreagra.
- Beidh oifigigh Fhoras na Gaeilge sásta aon cheist atá agat maidir leis an bhfoirm léirithe spéise a fhreagairt – Lionrai@forasnagaeilge.ie.

Treoir ar gach ceist

1. SONRAÍ NA HEAGRAÍOCHTA

1a. Ainm na heagraíochta – Ainm na heagraíochta, an choiste nó an ghrúpa atá ag iarraidh léiriú spéise a chur isteach. Is gá go mbeidh sé seo ag teacht le bunreacht na heagraíochta agus ní mór do chuntas bainc na heagraíochta a bheith ag teacht leis an ainm seo.

Ainm teagmhála – Ainm an duine a bheas ag plé leis an léiriú spéise agus cuirfear aon comhfhreagras chuig an duine seo.

Stádas san eagraíocht – Ní mór stádas an teagmhálaí a shonrú (mar shampla cathaoirleach, ceannasaí, rúnaí, ball coiste nó eile).

Seoladh agus cód poist – Tabhair seoladh na heagraíochta. Cuirfear gach comhfhreagras chuig an seoladh seo. Is gá go mbeidh an eagraíocht lonnaithe laistigh den cheantar molta mar Líonra Gaeilge. Tabhair faoi deara nach bhfuil eagraíochtaí atá lonnaithe laistigh den Ghaeltacht oifigiúil incháilithe le cur isteach ar an scéim seo.

Sonraí fóin agus ríomhphoist – Tabhair na sonraí teagmhála cuí.

1b. Ráiteas misin na heagraíochta – Sonraigh ráiteas misin na heagraíochta

1c. Léirigh, le do thoil, go bhfuil an eagraíocht ag feidhmiú trí Ghaeilge agus gurb é cur chun cinn agus caomhnú na Gaeilge príomhchuspóir na heagraíochta– Moltar na nithe seo a leanas a chur san áireamh sa fhreagra:

- a. Fís agus misean na heagraíochta.
- b. Samplaí ó chlár oibre reatha na heagraíochta a bhaineann go sonrach le cur chun na Gaeilge.

1d. Sonraigh eagraíochtaí eile, más ann dóibh, atá páirteach san iarratas seo i gcomhar leis an eagraíocht – Tabhair cuntas ar eagraíochtaí eile atá ag tacú leis an iarratas.

2. STÁDAS EAGRAÍOCHT AN IARRATASÓRA

2a. Sonraigh an stádas atá ag an eagraíocht – Tabhair sonraí ar stádas dlíthiúil na heagraíochta de réir mar is cuí.

2b. An bhfuil stádas carthanais ag an eagraíocht? – Tabhair sonraí

2c. Deimhniú Imréitigh Cánach nó Cód Rochtana Cánach reatha ar fáil? – Tabhair sonraí más cuí

3. STRUCHTÚR EAGRAÍOCHT AN IARRATASÓRA

3a. Léirigh comhdhéanamh na heagraíochta. Léirigh go bhfuil an struchtúr oiriúnach agus an cumas bainistíochta ag an eagraíocht agus go bhfuil na scileanna ceannaireachta san eagraíocht (idir bhord stiúrtha agus fheidhmeannas, más cuí) le tabhairt faoin bplean teanga a thiomsú agus a fheidhmiú don cheantar.

Moltar na nithe seo a leanas a chur san áireamh sa fhreagra:

- Cur síos ar stuchtúr na heagraíochta.
- Léiriú ar na scileanna ábhartha uile atá ag an eagraíocht, idir fhoireann reatha agus bhord stiúrtha.
- An córas pleanála atá i bhfeidhm ag an eagraíocht.

3b. Sonraí choiste stiúrtha nó bhaill choiste na heagraíochta – Tabhair sonraí maidir le gach ball den choiste, ag cur san áireamh a ról agus a gcumais sa Ghaeilge

3c. Léirigh an taithí agus an saineolas atá san eagraíocht maidir le cur chun cinn na Gaeilge agus cumas na heagraíochta le plean teanga a chur le chéile don cheantar atá ag iarraidh an stádas mar Líonra Gaeilge a bhaint amach.

Moltar na nithe seo a leanas a chur san áireamh sa fhreagra:

- Taithí na heagraíochta trí 3 shampla a thabhairt d'iarrachtaí atá déanta ag an eagraíocht an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh de dhá bhliain anuas.

- An saineolas atá ar fáil ag an eagraíocht i gcur chun cinn an Gaeilge trí shonraí a thabhairt den saineolas atá ag daoine éagsúla a mbeidh nó a mbíonn teacht ag an eagraíocht ar a n-ionchur.
- An cumas san eagraíocht maidir le plean teanga a ullmhú agus a fheidhmiú, agus aon fhianaise thacaíochta i leith d'fhreagra.

3d. Sonraigh líon na foirne nó líon na mball atá ar choiste na heagraíochta a bhfuil cáilíocht sa phleanáil teanga nó cáilíocht ábhartha eile bainte amach acu. – Léirigh líon na foirne nó líon na mball atá ar choiste na heagraíochta a bhfuil cáilíocht sa phleanáil teanga nó cáilíocht ábhartha eile bainte amach acu nó atá ag freastal faoi láthair ar chúrsa ábhartha.

4. AN CEANTAR

4a. Sonraigh an toghroinn ceantair (ó dheas) nó an toghlimistéar áitiúil (ó thuaidh) ina bhfuil an Líonra Gaeilge atá beartaithe lonnaithe?

4b. Léirigh go bhfuil an eagraíocht ag feidhmiú laistigh de phobal bríomhar Gaeilge atá ann cheana.

Moltar na nithe seo a leanas a chur san áireamh sa fhreagra:

- Liosta agus eolas cuimsitheach faoi na seirbhísí agus na deiseanna uile úsáidte Gaeilge atá ar fáil do phobail an cheantair ina bhfuil d'eagraíocht gníomhach.
- Tagairtí d'aon fhianaise thacaíochta go bhfuil pobal bríomhar Gaeilge sa cheantar sin faoi láthair.
- Cur síos ar imeachtaí uile i nGaeilge a bhíonn ar siúl ar fud an cheantair, ag cur san áireamh gach páirtí ábhartha a chuireann sainimeachtaí ar fáil do phobal na Gaeilge.

4c. Mínigh go hachomair an tábhacht agus na buntáistí a bheadh ann don cheantar dá mbeadh aitheantas mar Líonra Gaeilge bronnata air.

Moltar na nithe seo a leanas a chur san áireamh sa fhreagra:

- An tábhacht do phobal an cheantair.
- Na buntáistí do phobal an cheantair.
- An tábhacht agus na buntáistí a bheadh ann do d'eagraíocht féin dá mbeadh aitheantas mar Líonra Gaeilge bronnata ar an cheantar.

4d. Léirigh cumas na heagraíochta a bheith ag obair i bpáirt agus i gcomhar le páirtithe leasmhara eile sa cheantar agus le heagraíochtaí eile leis an nGaeilge a chur chun cinn.

Moltar na nithe seo a leanas a chur san áireamh sa fhreagra:

- Samplaí de chomhthionscadail, na páirtithe leasmhara a bhí páirteach agus na torthaí – is cóir go léireoidh na samplaí tugtha cur chun cinn na Gaeilge.
- Cóipeanna de litreacha tacaíochtaí ó pháirtithe leasmhara eile a chuidíonn nó a chomhoibríonn le d'eagraíocht maidir le freastal a dhéanamh ar fhorbairt na Gaeilge agus ar phobal na Gaeilge i gcoitinne.

5. TAITHÍ I BHFORBAIRT POBAIL

Déan cur síos gonta ar thaithí agus stair na heagraíochta nó an choiste ag plé leis an bpobal agus ag reáchtáil cláir forbartha pobail, cláir forbartha a bhaineann le hóige, teanga, cultúr, teaghlaigh Ghaeilge, cúram na n-aosach, fiontraíocht, oiliúint, turasóireacht, seirbhísí don phobal agus araile. Luaigh samplaí ábhartha.

– Léirigh taithí agus stair na heagraíochta nó an choiste a bheith ag plé leis an bpobal agus ag reáchtáil cláir forbartha pobail, cláir forbartha a bhaineann le hóige, teanga, cultúr, teaghlaigh Ghaeilge, cúram na n-aosach, fiontraíocht, oiliúint, turasóireacht, seirbhísí don phobal agus araile. Luaigh samplaí ábhartha.

6. PLEANÁIL TEANGA

6a. Fís don Líonra – Cén sprioc atá agaibh i dtaobh na Gaeilge sa cheantar? Cad iad na tosaíochtaí atá aitheanta agaibh? Déan cur síos ar na haidhmeanna gearrthéarmacha agus fadtearmacha a bheas do bhur dtreorú?

6b. Stádas reatha na Gaeilge sa cheantar – Léirigh na modhanna atá beartaithe agaibh le heolas beacht a bhailiú faoi staid reatha na Gaeilge sa cheantar. Cuir san áireamh suirbhéanna, ceistneoirí, agallaimh, grúpaí fócais agus araile.

6c. Feachtais eolais agus phoiblíochta agus deiseanna rannpháirtíochta – Léirigh an cur chuige atá beartaithe le muintir na háite a chur ar an eolas faoin togra agus le deiseanna a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach. Léirigh an dóigh go mbeidh d’eagraíocht(aí) nó coiste ionadaíoch ar gach réimse den tsochaí ina mbeidh an Líonra Gaeilge le feidhmiú

6d. Cur i bhfeidhm – Léirigh na modhanna a bheidh in úsáid agaibh le daoine a spreagadh chun deiseanna foghlama agus úsáide a thapú. Déan tagairt do na spriocgrúpaí ó thaobh aoise de agus na réimsí go léir sa tsochaí a mbeidh sibh ag díriú orthu.

6e. Monatóireacht – Déan cur síos ar an gcóras monatóireachta atá beartaithe agaibh chun athbhreithniú rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn an phlean teanga, amscála agus freagrachtaí a leagan amach, agus leasuithe a dhéanamh más gá.

7. EOLAS EILE

7a. An bhfuil coimhlint leasa ag aon bhall foirne de chuid Fhoras na Gaeilge nó aon chomhalta boird de chuid Fhoras na Gaeilge i leith an iarratais? Tabhair sonraí má tá. – Tabhair na sonraí cuí

7b. An bhfuil iarratas eile déanta agat le rannóg eile de chuid Fhoras na Gaeilge? – Tabhair na sonraí cuí

7c. Cén áit ar chuala tú faoin scéim seo? – Tabhair na sonraí cuí

8. DEARBHÚ

Ní ghlacfar le foirm gan an dearbhú seo a bheith sínithe cathaoirleach, rúnaí, bainisteoir, comhalta den bhord, teagmhálaí nó eile.

9. SEICLIOSTA

Ní mór a chinntiú go bhfuil gach rud ar an seicliosta curtha leis an bhfoirm chomhlánaithe. Má cheapann tú nach mbaineann gné ar leith den seicliosta leat, moltar duit teagmháil a dhéanamh le hoifigigh Fhoras na Gaeilge sula gcuireann tú an t-iarratas isteach ar mhaithe le comhairle a fháil ina leith.

C. Cad é mar a mheasfar na hiarratais?

Bí cinnte go bhfuil an ceantar incháilithe le hiarratas a sheoladh isteach de réir na gcritéar atá leagtha síos faoi Acht na Gaeltachta 2012 agus atá le fáil in Aguisín 1 thíos.

Úsáideann Foras na Gaeilge critéir mheasúnaithe le hiarratais a mheas. Leagtar amach critéir mheasúnaithe na scéime thíos. Measfaimid agus scórálfaimid iarratais de réir na gcritéar seo:

Critéir mheasúnaithe – Céim 1	Marc
Cumas na heagraíochta	
Struchtúr agus cumas bainistíochta na heagraíochta	20
An ceantar	
An cas atá déanta maidir leis an ngá do phlean teanga don cheantar	15
Forbairt pobail	
Cumas forbartha pobail na heagraíochta	15
Pleanáil teanga	
Fís don Líonra	10
Stair agus staid reatha	10
Feachtas eolais, poiblíocht agus deiseanna rannpháirtíochta	10
Cur i bhfeidhm	10
Monatóireacht	10
Iomlán	100

Is é 60% an marc tairsigh d'iarratais a bheith incháilithe don scéim seo. Tugtar cuireadh d'iarratasóirí a ghnóthaíonn 60% nó níos mó sa mheasúnú sonraithe thuas cur i láthair a dhéanamh d'Fhoras na Gaeilge sa Phríomhoifig i mBaile Atha Cliath don dara céim sa phróiseas measúnaithe

Criteir mheasúnaithe – Céim 2	Marc
Cur i láthair – Cás d’aitheantas mar Líonra Gaeilge a bhaint amach don sprioc-cheantar	50

Déanfar tairiscint cle suas le trí iarrthóire rathúil ón dlinse ó dheas agus suas le dhá iarrthóir rathúil ón dlinse ó thuaidh, bunaithe ar na marcanna is airde a bhronntar ar iarratais ón dá chéim mheasúnaithe curtha le chéile.

Spriocdháta:

Tá an t-iarratas mar aon le cáipéisí tacaíochta le bheith seolta chuig lionrai@forasnagaeilge.ie faoi 5 pm Dé Luain an 30 Samhain 2026

Tabhair faoi deara nach nglacfar le iarratas i ndiaidh an spriocdháta seo.

Critéir Pleanála Teanga do Líonraí Gaeilge

1. Eagraíocht, a measann Foras na Gaeilge í a bheith ionadaitheach don phobal faoi alt 11(3) d'Acht 2012, a bheith ann chun an plean teanga a ullmhú agus a chur i ngníomh sa phobal iomchuí.
2. An cion den daonra arb í an Ghaeilge an teanga labhartha atá acu sa phobal iomchuí, ag féachaint do thionchar tosca déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta ar an bpobal iomchuí.
3. Na socruithe a shonraítear maidir le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa phobal iomchuí.
4. Forálacha Acht 1998 a bheith á n-úsáid, de réir mar is cuí, chun tacú leis an nGaeilge sa phobal iomchuí, ag féachaint go háirithe do mhíreanna (i) agus (j) d'alt 6 den Acht sin.
5. Oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa phobal iomchuí, de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear sruthanna a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge i scoileanna Béarla agus roinnt ábhar a bheith á múineadh trí Ghaeilge i scoileanna Béarla, de réir mar is cuí.
6. Beartais teanga chuí a bheith ann laistigh den timpeallacht scoile a thacaíonn le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha lasmuigh den chóras oideachais sa phobal iomchuí.
7. Seirbhísí cuí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga, a bheith ar fáil trí mheán na Gaeilge sa phobal iomchuí.
8. Gníomhaíochtaí sóisialta cuí trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga agus d'aoisghrúpaí eile a bheith ar fáil agus beartais teanga chuí a bheith ann i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin sa phobal iomchuí.
9. Deiseanna cuí a bheith ar fáil sa phobal iomchuí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid lasmuigh den chóras oideachais.
10. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge i gcúrsaí sóisialta agus áineasa sa phobal iomchuí.
11. A mhéid a úsáidtear an Ghaeilge san earnáil ghnó sa phobal iomchuí.
12. A mhéid a úsáideann na meáin chumarsáide áitiúla an Ghaeilge sa phobal iomchuí.
13. Forálacha iomchuí na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2013 a bheith á n-úsáid chun tacú leis an nGaeilge sa phobal iomchuí.
14. Seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil sa phobal iomchuí.
15. A mhéid a thacaíonn an pobal i gcoitinne sa phobal iomchuí leis an bplean teanga.